

4d

# An tAifreann

An leagan oifigiúil de Ghaeilge an  
Aifrinn

*I bhfeidhm ón gcéad Domhnach den Charghas 1965*

Le húdarás ó Easpaig na hÉireann

Imprimi potest :

✠ MICHAEL,

Episcopus Galviensis et Duacensis.

© An Dr. Ró-Oir. Seosamh Breatnach.

Comhlacht na Fírinne Caitlicí 1965.

Baile Átha Cliath  
Comhlacht na Fírinne Caitlicí

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

### NA hURNAITHE AG BUN NA hALTÓRA

*Ag teacht amach don sagart éiríonn an pobal ina seasamh; ansin, ag tús an Aifrinn téann siad ar a nglúine agus déanann siad fíor na croise.*

Sagart agus

Pobal ✠ In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Amen.

Sagart ✠ Tá ár gcúnamh in ainm an Tiarna.

Pobal A rinne neamh agus talamh.

Sagart Adhmaím do Dhia . . . agus daoibhse, a bhráithre . . . agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun an Tiarna ár nDia.

Pobal Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire ort, go maithe sé do pheacaí duit, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí thú.

Sagart Amen.

Pobal Adhmaím do Dhia uilechumhachtach,  
Do Naomh-Mhuire síor-Ógh,  
Do Naomh-Mhícheál Ardaingéal,  
Do Naomh-Eoin Baiste,  
Do na naomhaspail Peadar agus Pól,  
Do na naoimh uile,  
Agus duitse, a Athair,  
Gur pheacaigh mé go trom, le smaoin-  
eamh, le briathar, agus le gníomh,  
Trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí  
mo mhórchoir féin.  
Ar an ábhar sin, impím ar Naomh-  
Mhuire síor-Ógh,  
Ar Naomh-Mhícheál Ardaingéal,  
Ar Naomh-Eoin Baiste,  
Ar na naomhaspail Peadar agus Pól,

Ar na naoimh uile,  
Agus ortsa, a athair,  
Guí ar mo shon chun an Tiarna ár nDia.

Sagart Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire oraibh, go maithe sé bhur bpeacaí daoibh, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sibh.

Pobal Amen.

Sagart ✠ Tiarna uilechumhachtach na trócaire, go dtuga sé pardún, aspalóid agus maithiúnas dúinn inár bpeacaí.

Pobal Amen.

Sagart Iompaigh chugainn, a Dhia, agus bronn orainn an bheatha.

Pobal Agus déanfaidh do phobal gairdeas ionat.

Sagart Taispeáin dúinn, a Thiarna, do thrócaire.

Pobal Agus tabhair dúinn do shlánú.

Sagart A Thiarna, éist le mo ghuí.

Pobal Agus go dtaga mo ghlór chugat.

Sagart Go raibh an Tiarna libh.

Pobal Agus leat féin.

### An Kyrie

Sagart Kyrie, eleison. A Thiarna, déan trócaire

Pobal Kyrie, eleison. A Thiarna, déan trócaire

Sagart Kyrie, eleison. A Thiarna, déan trócaire

Pobal Christe, eleison. A Chríost, déan trócaire

Sagart Christe, eleison. A Chríost, déan trócaire

Pobal Christe, eleison. A Chríost, déan trócaire

Sagart Kyrie, eleison. A Thiarna, déan trócaire

Pobal Kyrie, eleison. A Thiarna, déan trócaire

Sagart Kyrie, eleison. A Thiarna, déan trócaire

## An Gloria

Sagart Glóir do Dhia sna harda.

Pobal Agus ar talamh síocháin do lucht a pháirte.

Molaimid thú.

Móramid thú.

Adhramid thú.

Tugaimid glóir duit.

Gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire.

A Thiarna Dia, a rí na bhFlaitheas,  
a Dhia a Athair uilechumhachtach.

A Thiarna, a Aon-Mhic, a Íosa Críost.

A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar.

Tusa a thógas peacaí an domhain, déan trócaire orainn.

Tusa a thógas peacaí an domhain, glac lenár nguí.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar,  
déan trócaire orainn.

Óir is tú amháin is naofa.

Is tú amháin is Tiarna,

Is tú amháin is ró-ard, a Íosa Críost,

✠ Mar aon leis an Spiorad Naomh, i nglóir Dé, an tAthair, Amen.

Sagart Go raibh an Tiarna Easpag Síocháin libh.  
libh.

Pobal Agus leat féin.

## An Urnaí

Ag deireadh na hurnaí:

Sagart Per omnia saecula saeculorum. (Trí shaol na saol)

Pobal Amen.

## An Eipistil

Ag deireadh na hEipistile:

Pobal Buíochas le Dia.

## An Soiscéal

Ag tús an tSoiscéil (seastar):

Sagart Go raibh an Tiarna libh.

Pobal Agus leat féin.

Sagart Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Mhatha/  
Mharcais/Lúcais/Eoin.

Pobal Glóir duit, a Thiarna.

Ag deireadh an tSoiscéil:

Pobal Moladh duit, a Chríost.

## An Chré

Sagart Creidim in aon Dia amháin.

Pobal An tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.  
Agus in aon Tiarna amháin, Íosa Críost, Aon-Mhac Dé, an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann.

Dia ó Dhia, Solas ó Sholas, fíor-Dhia ó fhíor-Dhia.

An té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá d'aon substaint leis an Athair: Is tríd a rinneadh an uile ní.

Ar ár son-na an cine daonna, agus ar son ár slánaithe thuirling sé ó neamh.

Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naomh é i mbroinn na Maighdine Muire agus ghlac sé nádúr daonna.

Céasadh ar an gcrois é freisin ar ár son: d'fhulaing sé páis faoi Phontius Píoláit agus adhlacadh é.

D'aiséirigh sé an treas lá de réir na scríoptúr;

Chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.

Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.

Agus ní bheidh deireadh lena ríocht.

Creidim sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha:

An té a ghluaiseas ón Athair agus ón Mac.

Tugtar dó adhradh agus glóir mar aon leis an Athair agus leis an Mac:

Ba é a labhair trí na fáithe.

Creidim san aon Eaglais Naofa Chaitlic-each Aspalda.

Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí,

Agus táim ag súil le haiséirí na marbh ✠ agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

## LIOTÚIRGE na hÍOBAIRTE

Sagart Go raibh an Tiarna libh.

Pobal Agus leat féin.

Sagart Guímis.

Guí an Phobail

Orate Fratres

Sagart Guígí, a bhráithre, go nglaca Dia an tAthair uilechumhachtach leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.

Pobal Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Ag deireadh na Seicréide:

Sagart Per omnia saecula saeculorum. (Trí shaol na saol)

Pobal Amen.

An Phreafáid

Ag tús na Preafáide téann an pobal ar a nglúine.

Sagart Dominus Vobiscum. (Go raibh an Tiarna libh)

Pobal Et cum spiritu tuo. (Agus leat féin)

Sagart Sursum corda. (Tógaigí bhur gcroí in airde)

Pobal Habemus ad Dominum. (Tá ár gcroí tógtha in airde chun an Tiarna againn)

Sagart Gratias agamus Domino Deo nostro. (Gabhaimis buíochas leis an Tiarna ár nDia)

Pobal Dignum et justum est. (Is cuí agus is cóir sin)

## SANCTUS

Pobal Is Naofa, Naofa, Naofa thú a Thiarna Dia na Slua.

Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.

Hósanna sna harda.

Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.

Hósanna sna harda.

**TOSAÍONN CANÓIN SÁRNAOFA AN AIFRINN. GUÍMIS UILE IN AONTAS CROÍ AGUS AIGNE LEIS AN SAGART. SA CHOISREACAN OFRÁIL-AIMIS AN ÍOBAIRT TRÍ LÁMHA AN tSAGAIRT AGUS I bPÁIRT LEIS.**

*Ag deireadh na Canóine deir an sagart:*

Sagart *Per ipsum et cum ipso et in ipso est tibi Deo Patri omnipotentj, in unitate Spiritus Sancti, omnis honor et gloria per omnia saecula saeculorum. (Tríd agus leis agus ann is ea a thugtar gach onóir agus glóir duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach in éineacht leis an Spiorad Naomh, trí shaol na saol.)*

Pobal Amen.

## AN PHAIDIR

Sagart Guímis.

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, leomhaimid a rá:

Pobal Ár nAthair atá ar Neamh,

Go naofar d'ainm,

Go dtaga do ríocht:

Go ndéantar do thoil ar an talamh mar nítheam ar neamh.

Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu:

Agus maith dúinn ár bhfiacha, mar mhaithimidne dár bhféichiúna féin:

Agus ná lig sinn i gcathú,

Ach saor sinn ó olc. Amen.

## Agnus Dei

A Uain Dé a thógas peacaí an domhain, déan trócaire orainn (tabhair dóibh suaimhneas).

A Uain Dé a thógas peacaí an domhain, déan trócaire orainn (tabhair dóibh suaimhneas).

A Uain Dé a thógas peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin (tabhair dóibh suaimhneas síoraí).

*In Aifrinn na Marbh a deirtear:*

tabhair dóibh suaimhneas, etc.

## Comaoineach an Phobail

Sagart Seo é Uan Dé. Seo é an té a thógas peacaí an domhain.

Pobal A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigh-easfar m'anam.

*Roimh an Iargomaíneach:*

**Sagart** Go raibh an Tiarna libh.

**Pobal** Agus leat féin.

*Tar éis na hIargomaíneach:*

**Sagart** Per omnia saecula saeculorum. (Trí shaol  
na saol)

**Pobal** Amen.

**Sagart** Go raibh an Tiarna libh.

**Pobal** Agus leat féin.

**Sagart** Ite, missa est. (Imí. Tá an tAifreann thart)

**Pobal** Deo Gratias. (Buíochas le Dia)

**Sagart** Benedicat vos omnipotens Deus, ✠ Pater,  
et Filius, et Spiritus Sanctus. (Dia uile-  
chumhachtach, ✠ Athair, Mac, agus Spiorad  
Naomh do bhur mbeannachadh).

**Pobal** Amen.